



AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil 18.5.2011
COIM(2011) 276 leagan deireanach

2011/0130 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le haitheantas frithpháirteach do bhearta cosanta in ábhair shibhialta

{COIM(2011) 274}

{COIM(2011) 275}

{SEC(2011) 580}

{SEC(2011) 581}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Tá an togra seo ina chuid de phacáiste reachtach a bhfuil sé mar aidhm leis cearta íospartach san AE a neartú agus lena n-áirítear na heilimintí seo a leanas freisin: Teachtaireacht maidir le cearta íospartach a neartú san AE agus Treoir lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta. Is é is aidhm leis an togra seo a dhéileáil le horduithe cosanta arna ndéanamh in ábhair shibhialta, tionscnamh de chuid na mBallstát a chomhlánú, ar tionscnamh é ó Mheán Fómhair 2009 maidir le Treoir i dtaca leis an Ordú Cosanta Eorpach¹, a áiritheoidh aitheantas frithpháirteach do bhearta cosanta arna ndéanamh in ábhair choiriúla

Tá sé leagtha amach mar chuspóir dó féin ag an Aontas Eorpach limistéar saoirse, slándála agus ceartais a chothabháil agus a fhorbairt, agus is é bunchloch an limistéir sin prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh do bhreithiúnais agus do chinntí eile ó údaráis bhreithiúnacha laistigh den Aontas.

I gClár Stócólm (2010-2014)² agus i bplean gníomhaíochta an Choimisiúin chun é a chur chun feidhme, aithnítear an gá atá le tuilleadh gníomhaíochta chun riachtanais íospartaigh na coireachta a chur i gcoilár ár gcóras ceartais. Cuirtear íospartaigh ag barr chlár oibre an AE sna cáipéisí sin agus tugann siad bunús daingean leis an ngá agus leis an rún cur chuige comhtháite agus comhordaithe a chruthú maidir le híospartaigh, i gcomhréir le conclúidí na Comhairle um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (JHA) Deireadh Fómhair 2009³.

Tá beart déanta ag an Aontas Eorpach cheana maidir le cearta íospartach le linn imeachtaí coiriúla trí bhíthin Chinneadh Réime 2001/220/JHA ón gComhairle an 15 Márta 2001 maidir le seasamh íospartach in imeachtaí coiriúla. Cé go bhfuil feabhas éigin curtha ar chearta íospartach, níl cuspóirí an Chinnidh Réime ón gComhairle bainte amach ina n-iomláine go fóill.

D'iarr Parlaimint na hEorpa ar an gComhairle freisin creat cuimsitheach dlí a ghlacadh lena dtabharfar an chosaint is leithne is féidir d'íospartaigh na coireachta⁴. Ina rún an 26 Samhain 2009⁵ maidir le foréigean in aghaidh ban a dhíothú, iarrann Parlaimint na hEorpa ar na Ballstáit feabhas a chur ar a ndlíthe náisiúnta agus ar a mbeartais náisiúnta chun gach sórt foréigin in aghaidh ban a chomhrac agus iarrann sí orthu gníomhú chun dul i ngleic le cúiseanna an fhoréigin in aghaidh ban, go háirithe trí úsáid a bhaint as bearta coisctheacha agus iarrann sí ar an Aontas an ceart chun cúnaimh, cosanta agus tacaíochta do gach íospartach na coireachta a ráthú.

¹ IO C 69, 18.3.2010, lch. 5-18, 13577/09 COPEN 176 an 23 Meán Fómhair 2009.

² Clár ilbhliantúil ina leagtar amach tosaíochtaí an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an limistéar ceartais, saoirse agus slándála ar feadh na tréimhse 2010-2014: "Clár Stócólm – Eoraip atá oscailte agus slán, freastal agus cosaint ar shaoránaigh", [IO C 115, 4.5.2010, lch. 1).

³ 2969ú cruinniú de Chomhairle JAI an 23/10/2009, [14936/09 (Presse 306)].

⁴ Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Bealtaine 2009 maidir le limistéar ceartais choiriúil a fhorbairt don Aontas Eorpach, [P6_TA(2009)0386].

⁵ Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 26 Samhain 2009 maidir le foréigean in aghaidh ban a dhíothú, [P7_TA(2009)0098].

I gcomhlimistéar saoirse, slándála agus ceartais, má tá beart cosanta déanta i mBallstát amháin ar son íospartach foréigin (foréigeán teaghlaigh mar shampla) nó ar son daoine a bhfuil a n-iomláine choirp agus/nó shíceolaíoch nó a saoirse i mbaol, ba cheart an leibhéal céanna cosanta a bheith ar fáil dóibh i mBallstáit eile má théann siad chun cónaithe iontu nó má thaistealaíonn siad iontu, gan dul trí nósanna imeachta costasacha fadálacha. Freagra is ea beart den sórt sin ar éileamh an Choimisiúin tuilleadh a dhéanamh chun na baic ar chearta saoránach a bhaint, rud atá leagtha amach ina Thuarascáil ar Shaoránacht an 27 Deireadh Fómhair 2010⁶.

I Meán Fómhair 2009, chuir 12 Bhallstát togra le haghaidh Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an ordú cosanta Eorpach⁷ ar aghaidh. Le linn na gcaibidlíochtaí sin, chonacthas nach raibh na meicníochtaí arna n-úsáid san ionstraim sin, a bunaíodh ar Airteagal 82 den CFAE a bhaineann le haitheantas frithpháirteach in ábhair choiriúla, comhoiriúnach leis an gcaighdeán uailmhianach a baineadh amach cheana maidir le hábhair shibhialta, atá cumhdaithe in Airteagal 81 den CFAE. Is é aidhm an togra seo dá bhri sin ionstraim dlí a chríochnú maidir le haitheantas frithpháirteach do bhearta cosanta arna ndéanamh in ábhair choiriúla chun a áirithiú go mbeidh meicníocht éifeachtúil ann chun sochair gach birt chosanta arna dhéanamh i mBallstát chun a shaorchúrsaíocht a áirithiú ar fud an AE.

2. COMHAIRLIÚCHÁN AGUS MEASÚNÚ IARMHARTA

Tháinig an gá nach mbeadh an togra seo infheidhme ach i ndáil le horduithe cosanta arna ndéanamh in imeachtaí sibhialta chun cinn le linn caibidlíochtaí do thionscnamh na mBallstát maidir le hordú cosanta Eorpach a raibh Measúnú Iarmharta ag gabháil leis. Chun comhairliúchán níos sainiúla a fháil i dtaca leis an ngá leis an togra seo agus na rialacha mionsonraithe a bhaineann leis, lainseáil an Coimisiún comhairliúcháin bhreise leis na Ballstáit, le hinstiúidí eile agus le saineolaithe ó chúlraí éagsúla.

Reáchtáil an Coimisiún cruinniú saineolaithe den chéad uair an 25 Bealtaine 2010 inar dearbhaíodh go raibh bearta cosanta dlí shibhialta curtha i bhfeidhm ag cuid mhaith de na Ballstáit, agus go bhféadfaí aitheantas frithpháirteach a thabhairt dóibh de réir na gcomhchaighdeán a úsáidtear in ábhair shibhialta, seachas de réir na nósanna imeachta níos troime ar gnáthchaighdeán iad in ábhair choiriúla.

Rinne an Coimisiún Eorpach conradh freisin chun staidéar seachtrach a fháil chun cabhrú leis an measúnú iarmharta maidir le riachtanais íospartaigh na coireachta a shainithint, chun fáil amach cé na bearta a bhféadfaí a bhunú chun na riachtanais sin a shásamh agus chun tionchar na roghanna a bhí ar fáil a scrúdú⁸. Mar chuid d'ullmhú an Mheasúnaithe Iarmharta, reáchtáil an Coimisiún comhairliúchán poiblí ón 15 Iúil 2010 go dtí an 30 Meán Fómhair 2010, a bhí ar oscailt don phobal, agus d'eagraíochtaí rialtasacha agus neamhrialtasacha chomh maith, chun a dtuairimí a fháil i dtaobh na mbeart ba cheart don AE a dhéanamh chun feabhas a chur ar staid íospartaigh na coireachta, lena n-áirítear bearta i réimse na n-orduithe cosanta.

⁶ Tuarascáil an AE ar Shaoránacht 2010, "Dismantling the obstacles to EU citizens' rights" - COIM(2010) 603.

⁷ 13577/09 COPEN 176 an 23 Meán Fómhair 2009.

⁸ Matrix Insight/Andersson Elfers Felix, "A Study for an Impact Assessment on Ways of Improving the Support, Protection and Rights of Victims across Europe", Tuarascáil Deiridh, an 3 Samhain 2010.

Rinneadh conradh chun staidéar eile a fháil chun roghanna a scrúdú maidir leis an gcuspóir sonrach, is é sin a áirithiú nach gcaillfear an chosaint a thugann ordú cosanta nuair a thaistealaíonn duine faoi chosaint go Ballstát eile nó nuair a théann sé chun cónaithe ann⁹.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

3.1. Bunús dlí

Tá an togra seo bunaithe ar Airteagal 81(2)(a), (e) agus (f) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. De réir Airteagal 81, déanfaidh an tAontas forbairt ar an gcomhar breithiúnach sna hábhair sibhialta a bhfuil impleachtaí trasteorann acu, arna bhunú ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh do bhreithiúnais agus do chinntí i gcásanna seachbhreithiúnacha. Féadfar a áireamh i gcomhar den sórt sin bearta a ghlacadh chun dlíthe agus rialacháin na mBallstát a chomhfhogasú.

Chun na críocha sin, déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, bearta a ghlacadh, go háirithe nuair is gá sin ar mhaithe le dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, a bhfuil sé mar aidhm leo, *inter alia*, aitheantas agus forghníomhú frithpháirteach idir Ballstáit a áirithiú i ndáil le breithiúnais agus le cinntí i gcásanna seachbhreithiúnacha.

3.2. Achoimre ar an rialachán atá beartaithe

Chun cosaint a thabhairt d'íospartaigh foréigin, go háirithe íospartaigh foréigin teaghlaigh, stalcaireachta nó foréigin in aghaidh leanaí, foráiltear i ndlíthe náisiúnta na mBallstát maidir leis an deis bearta coisctheacha agus sealadacha a ghlacadh d'fhonn duine a chosaint i gcás ina measfar gurb ann do bhaol tromchúiseach d'iomláine choirp agus/nó shíceolaíoch an duine nó do shaoirse an duine. Eisíonn údarás breithiúnach nó údarás eile bearta cosanta arna iarraidh sin don duine atá i mbaol. Déantar an-chuid acu a ordú gan an duine is cúis leis an mbaol a thoghairm a theacht i láthair, go háirithe i gcás práinne (nósanna imeachta "*ex parte*"). Is éard atá i gceist le bearta cosanta an oibleagáid, mar shampla, gan dul i bhfoisceacht an duine faoi chosaint laistigh d'achar sainordaithe, nó an oibleagáid gan dul isteach i gceantair áirithe ina bhfuil cónaí ar an duine faoi chosaint nó a thaithíonn sé. Sainiúlacht de chuid go leor beart cosanta is ea nach bhfuil baint ghníomhach ag na húdaráis phoiblí lena bhforfheidhmiú: i gcás ina sáraíonn an duine is cúis leis an mbaol a oibleagáid, bíonn an duine sin faoi réir smachtbhanna go díreach, smachtbhanna coiriúil go minic.

De bharr an mhéadaithe atá tagtha ar shaorghluaiseacht tá níos mó daoine ag dul chun cónaithe nó ag taisteal ar an gcoigríoch. Dá thoradh sin, tá sé ríthábhachtach a áirithiú go gcothabhálfar cosaint shealadach den sórt sin arna tabhairt i mBallstát amháin i gcás ina dtaistealaíonn duine nó ina dtéann sé chun cónaithe i mBallstát eile gan iachall a bheith air dul trí nósanna imeachta costasacha fadálacha. Forbraíodh an comhar breithiúnach sibhialta i gcomhthéacs margadh inmheánach Eorpach a chruthú atá bunaithe ar aitheantas frithpháirteach a thabhairt do chinntí breithiúnacha agus seachbhreithiúnacha. Tháinig feabhas de réir a chéile ar an aitheantas frithpháirteach sin trí na rialuithe a dhéantar ar chinntí eachtrannacha san Aontas a laghdú. Tá foráil déanta sa togra seo maidir le meicníocht mhear agus éifeachtúil lena n-áiríteofar go ndéanfaidh an Ballstát a dtéann an duine atá i mbaol

⁹ Burkhard Hess: "Feasibility Study: The European Protection Order and the European Law of Civil Procedure", a bheidh ar fáil go luath ag: http://ec.europa.eu/justice/index_en.htm.

chun cónaithe ann an beart cosanta a d'eisigh an chéad Bhallstát a aithint gan aon fhoirmiúlachtaí idirmheánacha. Dála ionstraimí aitheantais fhrithpháirtigh eile in ábhair shibhialta, tugtar deimhniúchán caighdeánaithe isteach leis an togra seo, ar deimhniúchán é ina bhfuil an fhaisnéis ar fad is ábhartha maidir le haitheantas agus, más infheidhme, forghníomhú. Dá bhrí sin, eiseoidh údarás inniúil an chéad Bhallstáit deimhniúchán, *ex officio* nó arna iarraidh sin don duine faoi chosaint, agus ansin rachaidh an t-údarás sin i dteagmháil leis na húdaráis inniúla sa dara Ballstát agus soláthródh sé an deimhniúchán dóibh. Cuirfidh údaráis inniúla an dara Ballstát an duine is cúis leis an mbaol ar an eolas maidir le réim gheografach an bhirt chosanta eachtrannaigh, na smachtbhannaí is infheidhme i gcás a sháraithe agus, más infheidhme, áiritheoidh siad go ndéanfar é a fhorghníomhú.

Chun meicníocht atá gasta, neamhchostasach agus éifeachtúil a áirithiú maidir le cúrsaíocht beart cosanta san Aontas Eorpach, leanadh éirim Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003 ón gComhairle an 27 Samhain 2003 maidir le dlínse agus aithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair a bhaineann le pósadh agus le freagracht tuismitheora, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1347/2000 ('An Bhruiséil II-bis')¹⁰ agus go háirithe Airteagal 41 agus Airteagal 42 de. Fuarthas inspreagadh freisin sa togra ón gCoimisiún maidir le hathmhúnlú ar Rialachán (CE) Uimh. 44/2001 ón gComhairle ('An Bhruiséil I')¹¹. Déantar foráil sa togra maidir le nósanna imeachta idirmheánacha a dhíothú agus níor beartaíodh aon fhorais le haghaidh diúltú, ach amháin más ann do chinneadh sa Bhallstát aitheantais atá bunoscionn leis an mbeart.

Is infheidhme aitheantas uathoibríoch freisin i gcás nach bhfuil bearta cosanta in ábhair shibhialta ag an mBallstát aitheantais agus/nó forghníomhaithe. Go deimhin, bunphrionsabal de chuid an aitheantais fhrithpháirtigh in ábhair shibhialta is ea an méid seo a leanas: más rud é nach ndéantar foráil maidir le beart i ndlí inmheánach an Bhallstáit ina bhfuil aitheantas agus/nó forghníomhú á lorg, ní mór nach ndéanfaidh sé difear d'oibleagáid an Bhallstáit sin an beart arna dhéanamh i mBallstát eile a aithint agus, más infheidhme, a fhorghníomhú. Ní cinntitheach ina leith sin cineál an údaráis a rinne an beart cosanta (cúirt shibhialta, méara, cúirt choiriúil).

Beidh cosaintí ar chearta bunúsacha ag gabháil le díothú na nósanna imeachta idirmheánacha:

- Beidh ar údarás an chéad Bhallstáit a n-iarrfar air an deimhniúchán a eisiúint seiceáil a dhéanamh gur urramaíodh ceart an duine is cúis leis an mbaol chun trialach cóire, go háirithe a cheart chun cosanta. I gcás nár ráthaíodh na cearta sin, ní fhéadtar an deimhniúchán a eisiúint.
- I gcás ina ndéanfaidh an chéad Bhallstát an beart cosanta a chur ar fionraí nó a aistarraingt, ní mór d'údarás inniúil an dara Ballstát, arna iarraidh é don duine is cúis leis an mbaol, an t-aitheantas atá tugtha aige agus, más infheidhme, an forghníomhú a chur ar fionraí nó a aistarraingt.

¹⁰ Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003 ón gComhairle an 27 Samhain 2003 maidir le dlínse agus aithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair maidir le pósadh agus le freagracht tuismitheora, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1347/2000 (IO L 338, 23.12.2003, lch. 1).

¹¹ Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dlínse agus aithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (Athmhúnlú) - COIM(2010) 748, 14.12.2010.

- Ní mór d'údaráis inniúla an dá Bhallstát aon fhaisnéis a bhaineann leis an mbeart cosanta a eisíúint, a aithint, a chur ar fionraí nó a aistarraingt, nó le forghníomhú agus smachtbhanna a d'fhéadfadh a bheith ann, a fhógairt don duine is cúis leis an mbaol agus don duine faoi chosaint.

Áiritheofar trí bhíthin na gcosaintí sin ar fad go ráthófar na cearta bunúsacha agus na prionsabail atá aitheanta, go háirithe, i gCairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, agus spárálfar an t-am agus na costais a bheadh ag baint leis an nós imeachta *exequatur*.

Ní dhéileálann an togra le smachtbhannaí coiriúla arna gcur i bhfeidhm ag Ballstáit i gcás sárú ar bheart cosanta. Leanfar de dhéileáil leis an tsaincheist sin trí bhíthin dlí náisiúnta gach Ballstáit ar leith.

3.3. Anailís ar na hAirteagail is tábhachtaí

Ionstraim aitheantais fhrithpháirtigh in ábhair shibhialta is ea an togra seo agus dá bharr sin leanann sé éirim na n-ionstraimí atá ag an AE cheana i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta agus tráchtála, ós iad na hionstraimí sin a bhí mar eiseamláir dó. Tá go leor de na hairteagail comhchosúil nó comhionann leis na hairteagail chomhfhreagracha sa reachtaíocht thuasluaite.

Airteagal 1 – Raon Feidhme

Tá bearta cosanta áirithe cumhdaithe cheana ag na Rialacháin An Bhruiséil I¹² agus An Bhruiséil II-bis, dá bharr sin tá sé den tábhacht an nasc idir an togra agus na rialacháin sin a shoiléiriú.

Bunaítear leis an Rialachán seo rialacha speisialta maidir le bearta cosanta. I gcomhréir le prionsabal ginearálta dlí, glacfaidh sé ionad na rialacha ginearálta atá leagtha amach in An Bhruiséil I dá bhrí sin.

Ní ionann an staid maidir leis an Rialachán An Bhruiséil II-bis, a bhfuil sé mar aidhm leis na himeachtaí ar fad a bhaineann le haon cholscaradh nó scaradh dlíthiúil áirithe a lárú. Ní mór gan rialacha lena rialaítear dlínse agus an t-aitheantas do bhreithiúnais atá san ionstraim shonrach sin a chur i gcontúirt tríd an deis a sholáthar leis an togra seo dlínse Ballstáit eile a ghabháil i dtaobh na mbeart cosanta arna ndéanamh i gcomhthéacs na n-imeachtaí atá ar siúl. Ar na cúiseanna sin, leanfar de na bearta cosanta ar fad a thagann faoi raon feidhme An Bhruiséil II-bis a rialú leis an ionstraim sin. Cumhdóidh an togra seo na bearta cosanta sin nach dtagann faoi inniúlacht An Bhruiséil II-bis, áfach, e.g. bearta cosanta a bhaineann le lánúin nár phós riamh, lánúineacha comhghnéis nó comharsana.

Airteagal 2 – Sainmhínte

Bearta cosanta – sa sainmhíniú ar an téarma 'beart cosanta' leagtar béim air gur de chineál coisctheach agus sealadach iad bearta den sórt sin, ar bearta iad a dhéantar i mBallstát d'fhonn duine a chosaint i gcás inarb ann do chúiseanna tromchúiseacha lena mheas go bhfuil iomláine choirp agus/nó shíceolaíoch an duine nó sairse an duine i mbaol. Féadfar 'beart

¹² Rialachán (CE) Uimh. 44/2001 ón gComhairle an 22 Nollaig 2000 maidir le dlínse agus aithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (IO L 12, 16.1.2001, lch. 1).

cosanta' a dhéanamh in imeachtaí *ex parte* (gan an duine is cúis leis an mbaol a thoghairm a theacht i láthair) nó in imeachtaí inar tugadh fógra don dá pháirtí.

Údarás – Tá sainmhíniú leathan ag an téarma 'údarás' chun aon údarás arna ainmniú ag Ballstát mar údarás a bhfuil inniúlacht aige in ábhair a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo a chur san áireamh. Dá bhrí sin, cuimsíonn an téarma sin ní amháin cúirteanna agus binsí, ach údaráis riaracháin agus eile a bhfuil inniúlacht acu faoi dhlí náisiúnta Ballstáit in ábhair a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo.

Airteagal 3 – Dlínsé

Ba cheart na rialacha maidir le dlínsé a bheith rí-intuartha. Dá bhrí sin, tá siad bunaithe ar an bprionsabal go bhfuil an dlínsé ag údaráis an Bhallstáit ina bhfuil iomláine choirp agus/nó shíceolaíoch an duine nó saoirse an duine i mbaol agus ina dteastaíonn cosaint ón duine. Cé gurb ionann é sin agus áit ghnáthchónaithe an duine de ghnáth, ní amhlaidh atá i gcónaí, i.e. i gcás ina mbogann an duine thar sáile go ceann tréimhse cinnte atá sách gearr chun staidéar a dhéanamh, mar shampla.

Airteagal 4 – Aitheantas

Bhí ionstraimí eile maidir le haitheantas frithpháirteach in ábhair a bhaineann le dlí sibhialta mar eiseamláir don Airteagal seo, mar atá an togra le haghaidh An Bhruiséil I agus An Bhruiséil II-bis a athmhúnlú maidir leis an gceart chun rochtana nó tabhairt ar ais an linbh. Ní theastaíonn aon nósanna imeachta idirmheánacha: tugtar an t-aitheantas go huathoibríoch.

Airteagal 5 – Deimhniúchán

Teastaíonn an deimhniúchán ionas gur féidir leis an duine atá i mbaol an beart cosanta a agairt i mBallstát eile. Leanadh éirim Airteagal 41 agus Airteagal 42 de An Bhruiséil II-bis ina ndéileáiltear le cinní maidir leis an gceart chun rochtana nó tabhairt ar ais an linbh.

Eiseoidh údaráis inniúla an Bhallstáit tionscnaimh an deimhniúchán, *ex officio* nó arna iarraidh sin don duine faoi chosaint, de réir na foirme caighdeánaí atá leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo. Ansin, is faoin bpáirtí ar mian leis an beart a agairt i mBallstát eile a bheidh sé an deimhniúchán a eisíodh a sholáthar d'údaráis inniúla an Bhallstáit sin. Beidh an fhaisnéis ar fad is ábhartha maidir le haithint agus/nó forghníomhú an bhirt chosanta eachtrannaigh ar an deimhniúchán, go háirithe tuairisc ar an mbeart cosanta a scríobhfar sa bhealach go gcuirfidh sé ar chumas údaráis inniúla an dara Ballstát aitheantas a thabhairt dó agus, más infheidhme, é a fhorghníomhú faoina dhlí náisiúnta. Dá bhrí sin, níor cheart tagairtí sonracha don dlí náisiúnta a chur ar an deimhniúchán, i.e. Airteagal X de Chód Y seachas míniú an bhirt, ná tagairtí sonracha d'áiteanna áitiúla, i.e. seoladh sonracha in ionad tagartha ginearálta don áit oibre nó don áit chónaithe.

Féadfaidh údaráis inniúla an dara Ballstát traslitriú nó aistriúchán dá bhfuil sa deimhniúchán a iarraidh, eadhon den tuairisc ar an mbeart.

Airteagal 8 – Oiriúnú

Baineann an tAirteagal seo leis an gcás nach eol an beart cosanta eachtrannach faoi dhlí náisiúnta an dara Ballstát. Dá bhrí sin, beidh ar údarás inniúil an Bhallstáit sin an beart cosanta a oiriúnú, an oiread is féidir, do bheart arb ann dó ina dhlí féin agus a bhfuil éifeachtaí inchurtha aige agus a bhfuil aidhmeanna agus leasanna inchurtha aige. Go deimhin, riail

thimthriallach i dtaca le hionstraimí aitheantais fhrithpháirtigh in ábhair shibhialta is ea oiriúnú.

Airteagal 9 – Bearta cosanta áirithe a fhorghníomhú

Faoi dhlí náisiúnta, ní éilítear ar na húdaráis inniúla idirghabháil ghníomhach a dhéanamh chun éifeacht a thabhairt do na bearta ach i gcás líon beag beart cosanta.

Sna cásanna sin, beidh ar údarás inniúil Bhallstát an fhorghníomhaithe na rialacha atá ar fáil faoina dhlí náisiúnta le haghaidh beart cosanta inchurtha a chur i bhfeidhm, gan aon nós imeachta speisialta a bheith de dhíth.

Airteagal 10 – Cosaintí ar chearta bunúsacha

Is mó an tosaíocht a thugann an AE do chosaint chearta bunúsacha an duine aonair anois go bhfuil Conradh Liospóin tagtha i bhfeidhm: tá Cairt an AE ina ceangal dlí ar an Aontas anois agus tá an AE ar tí aontú don Choinbhinsiún Eorpach um Chearta Daonna (CECD). Agus íospartaigh i dtrácht, is ábhartha raon ceart bunúsach: dínit an duine, an ceart chun na beatha, an ceart chun iomláine an duine, an ceart chun saoirse agus slándála, urraim ar shaol an teaghlaigh agus ar an saol príobháideach, cosaint sonraí pearsanta, an ceart chun maoinne, saorghluaiseachta agus cónaithe, comhionannas os comhair an dlí, cearta an linbh, cearta daoine aosta, imeascadh daoine faoi mhíchumas, agus an ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach cóire, agus sa deireadh thiar toimhde na neamhchiontachta agus an ceart chun cosanta.

Faoi mar atá leagtha amach go mionsonraithe sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an togra seo agus i gcomhréir le straitéis an Aontais maidir le cur chun feidhme éifeachtach Chairt um Chearta Bunúsacha an AE¹³, urramaíonn gach eilimint den Rialachán na cearta atá leagtha amach sa Chairt um Chearta Bunúsacha, agus go háirithe an ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach cóire atá ráthaithe in Airteagal 47 de.

I gcás birt chosanta arna dhéanamh i mBallstát amháin, ní mór cosaintí do chearta bunúsacha a bheith ann má dhíothaítear aon fhoirmiúlachtaí idirmheánacha maidir le haithint agus, más infheidhme, forghníomhú an bhirt sin sa dara Ballstát. Cuireann an tAirteagal seo cosaint stóinsithe ar fáil, ós rud é nach féidir an deimhniúchán a eisiúint sa chás nár ráthaíodh ceart an duine is cúis leis an mbaol chun trialach cóire.

Airteagal 12 – Aitheantas nó forghníomhú a dhiúltú, a chur ar fionraí nó a aistarraingt

Ba cheart aithint agus, más infheidhme, forghníomhú beart cosanta arna ndéanamh i mBallstát a bheith bunaithe ar phrionsabal na muiníne frithpháirtí agus ba cheart na forais le haitheantas a dhiúltú a choinneáil ag an íosmhéid atá éilithe. I gcomhréir leis an bprionsabal sin, níl ach foras amháin beartaithe le haghaidh diúltú. Ar mhaithe le dea-riar ceartais is gá an dóchúlacht go ndéanfaí cinntí atá bunoscionn le chéile a laghdú. Dá bhrí sin, féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit aitheantais diúltú, ar iarratas ón duine is cúis leis an mbaol, aitheantas a thabhairt don bheart cosanta arna dhéanamh ag an gcúirt tionscnaimh má tá sé bunoscionn le cinneadh arna dhéanamh sa Bhallstát aitheantais.

¹³ Teachtaireacht ón gCoimisiún, "Strategy for the effective implementation of the Charter of Fundamental Rights by the European Union" - COIM(2010) 573, 19.10.2010.

Tá sé den tábhacht a áirithiú i gcás ina gcuirfear beart cosanta ar fionraí nó ina n-aistarraingeofar é sa Bhallstát tionscnaimh, go ndéanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit aitheantais aitheantas agus, más infheidhme, forghníomhú an bhirt chosanta a chur ar fionraí nó a aistarraingt. Tá sé de fhreagracht ar an duine is cúis leis an mbaol iarratas a chur isteach air sin. Chuige sin, tá foirm iarratais chaighdeánaithe in iarscríbhinn a ghabhann leis an togra.

Airteagal 13 – Fógra

Maidir le hionstraimí eile aitheantais fhrithpháirtigh in ábhair shibhialta, déantar foráil san Airteagal seo maidir le comhchuíbhiú bunúsach íoschaighdeán i dtaobh an ghá aon fhaisnéis a bhaineann leis an mbeart cosanta a eisiúint, a aithint, a chur ar fionraí nó a aistarraingt, nó le forghníomhú agus smachtbhanna a d'fhéadfadh a bheith ann, a fhógairt don duine is cúis leis an mbaol agus don duine faoi chosaint. I mír 2, tugtar isteach an oibleagáid chéanna le haghaidh an dara Ballstát. Áiritheofar sa dóigh sin go n-urramófar cearta bunúsacha de réir mar atá leagtha amach i gCairt um Chearta Bunúsacha an AE.

4. COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

Ní féidir leis na Ballstáit ina n-aonar cuspóir an togra a bhaint amach go leordhóthanach, de dheasca gnéithe trasnáisiúnta na saincheiste. Tá sé den tábhacht a áirithiú nach gcailleann daoine an chosaint a deonaíodh dóibh nuair a théann siad chun cónaithe nó nuair a thaistealaíonn siad ar an gcoigríoch. Ní féidir leis na Ballstáit ina n-aonar an mheicníocht dá bhforáiltear sa Rialachán seo a bhaint amach, mar atá aon fhoirmiúlachtaí idirmheánacha a dhíothú, trí bhíthin úsáide deimhniúcháin atá caighdeánaithe agus ilteangach. Is trí reachtaíocht ar an leibhéal Eorpach amháin is féidir cothromaíocht a bhaint amach. Dá bhrí sin, comhlíonann an togra prionsabal na coimhdeachta.

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta freisin toisc nach dtéann sé níos faide ná an t-íosmhéid a bhfuil gá leis chun an cuspóir sonraithe a bhaint amach ar leibhéal Eorpach ná níos faide ná a bhfuil gá leis chun na críche sin.

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le haitheantas frithpháirteach do bhearta cosanta in ábhair shibhialta

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 81(2)(a), (e) agus (f) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹⁴,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún¹⁵,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Tá curtha de chuspóir roimhe ag an Aontas Eorpach limistéar saoirse, slándála agus ceartais a fhorbairt agus a chothabháil, ag éascú dó ar an dóigh sin rochtain ar cheartas, go háirithe trí chinntí breithiúnacha agus seachbhreithiúnacha in ábhair shibhialta a aithint go frithpháirteach. Chun limistéar den sórt sin a bhunú de réir a chéile, ba cheart don Aontas bearta, i measc nithe eile, a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta a ghlacadh, go háirithe nuair is gá sin ar son dhea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh.
- (2) Tagann an réimse seo faoi chomhar breithiúnach in ábhair shibhialta de réir bhrí Airteagal 81 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.
- (3) Cuireann difríochtaí idir na rialacha náisiúnta lena rialáitear bearta cosanta bac ar dhea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Tá sé sár-riachtanach forálacha a bheith ann chun a áirithiú go dtabharfar aitheantas go mear simplí agus, más infheidhme, go ndéanfaidh Ballstáit a bhfuil an Rialachán seo de cheangal orthu bearta cosanta a fhorghníomhú ionas go n-áiritheofar go gcothabhálfar an chosaint arna tabhairt i gcás ina dtaistealaíonn duine go Ballstát eile nó ina dtéann sé chun cónaithe i mBallstát eile.

¹⁴ IO C [...], [...], lch. [...].

¹⁵ IO C [...], [...], lch. [...].

- (4) Chun saorghluaiseacht beart cosanta a bhaint amach, is gá agus is iomchuí na rialacha lena rialaítear dlínse agus aithint agus, más infheidhme, forghníomhú beart cosanta a bheith á rialú ag ionstraim dlí de chuid an Aontais a bheidh go huile is go hiomlán ina ceangal agus infheidhme go díreach.
- (5) Baineann an Rialachán seo le bearta cosanta arna ndéanamh in imeachtaí sibhialta cibé cineál údaráis atá i gceist, bíodh cúirt, binse, údarás riaracháin nó aon chineál eile údaráis ann.
- (6) Baineann an rialachán le gach beart cosanta de réir mar atá sainmhínithe ann. Ní bhaineann sé, áfach, le bearta cosanta atá cumhdaithe le Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003 an 27 Samhain 2003 maidir le dlínse agus aithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair maidir le pósadh agus le freagracht tuismitheora, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1347/2000. I gcás beart a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, glacfaidh an Rialachán ionad Rialachán (CE) Uimh. 44/2001 ón gComhairle an 22 Nollaig 2000 maidir le dlínse agus aithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair sibhialta agus tráchtála.
- (7) Ba cheart na rialacha maidir le dlínse a bheith rí-intuartha agus ba cheart iad a bheith bunaithe ar an bprionsabal go bhfuil dlínse ag an mBallstát ina bhfuil iomláine choirp agus/nó shíceolaíoch an duine nó saoirse an duine i mbaol. Ba cheart an dlínse a bheith ar fáil i gcónaí ar na forais sin.
- (8) Chun go bhfeidhmeoidh an ceartas go comhchuí níor cheart cinntí atá bunoscionn le chéile a thabhairt in dhá Bhallstát ar leith. Chun na críche sin, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo maidir le foras le haitheantas agus/nó forghníomhú a dhiúltú, ar iarratas ón duine is cúis leis an mbaol, i gcás cinntí atá bunoscionn le chéile.
- (9) Tá call le nósanna imeachta chun bearta cosanta a aithint agus/nó a fhorghníomhú gan foirmiúlachtaí idirmheánacha ar mhaithe le muinín fhrithpháirteach i gcur i bhfeidhm ceartais san Aontas agus leis an aidhm cúrsaíocht beart cosanta atá níos gasta agus níos saoire a áirithiú laistigh den Aontas Eorpach. I ngeall air sin, ba cheart caitheamh le beart cosanta arna dhéanamh i mBallstát, chun críocha aitheantais agus, más infheidhme, chun críocha forghníomhaithe, amhail is dá mba sa Bhallstát ina bhfuil an t-aitheantas agus/nó an forghníomhú á iarraidh a rinneadh é.
- (10) Más rud é, faoi dhlí náisiúnta an dara Ballstát, gur gá d'údaráis inniúla an Bhallstáit sin idirghabháil a dhéanamh chun éifeacht a thabhairt don bheart cosanta, ba cheart an nós imeachta le haghaidh forghníomhú den sórt sin ar an mbeart cosanta a bheith rialaithe ag dlí an Bhallstáit sin.
- (11) Ní dhéileálann an Rialachán seo le smachtbhannaí coiriúla arna gcur i bhfeidhm ag Ballstáit i gcás sárú ar bheart cosanta, nithe a leanann de bheith faoi réir dhlí náisiúnta gach Ballstáit.
- (12) Chun saorghluaiseacht beart cosanta a éascú san Aontas Eorpach, ba cheart samhail aonfhoirmeach don deimhniúchán a thabhairt isteach trí bhíthin an Rialacháin seo agus údarás a cheapadh a bheidh a eisiúint d'inniúlacht aige. Chun prionsabal na coimhdeachta a urramú, níor cheart go nglacfadh an deimhniúchán sin ionad nós imeachta inmheánach na mBallstát.

- (13) Níor cheart an deimhniúchán a bheith faoi réir athchomhairc. Má chuirtear an beart cosanta ar fionraí nó má aistarraingítear é sa chéad Bhallstát áfach, ba cheart d'údarás inniúil an dara Ballstát, arna iarraidh é don duine is cúis leis an mbaol, aitheantas agus/nó forghníomhú an bhirt chosanta a chur ar fionraí nó a aistarraingt.
- (14) Chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh an Rialachán seo go mear éifeachtúil, ba cheart an chumhacht a tharmligean chun an Choimisiún gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i leith aon leasuithe ar na foirmeacha atá leagtha amach sna hIarscríbhinní. Tá sé fiorthábhachtach go ndéanfadh an Coimisiún comhairliúcháin iomchuí le linn a réamhoibre, ag leibhéal saineolach freisin. Agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á ndruchtú ag an gCoimisiún, ba cheart dó a áirithiú go dtarchuirtear na doiciméid ábhartha chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle go tráthúil iomchuí agus go comhuaineach.
- (15) Leis an Rialachán seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Go háirithe, is aidhm leis an ceart chun cosanta agus an ceart chun trialach cóire a áirithiú, de réir mar a bhunaítear iad in Airteagal 47 de. Ní mór an Rialachán seo a chur chun feidhme i gcomhréir leis na cearta agus na prionsabail sin.
- (16) Ó tharla nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo a bhaint amach go leordhóthanach agus gur fearr a fhéadfar é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar atá leagtha amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.
- (17) [I gcomhréir le hAirteagail 1, 2, 3 agus 4 den Phrótocal maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i leith an Limistéir saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá sé curtha in iúl ag an Ríocht Aontaithe agus ag Éirinn gur mian leo bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo] / [gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótocal maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i leith an Limistéir saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní bheidh an Ríocht Aontaithe ná Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus ní bheidh sé ina cheangal orthu ná ní bheidh siad faoi réir a chur i bhfeidhm].
- (18) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 den Phrótocal maidir le seasamh na Danmhairge, mar atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní bheidh an Danmhairg páirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus ní bheidh sé ina cheangal ar an Danmhairg ná ní bheidh sí faoi réir a chur i bhfeidhm dá bhrí sin,

CAIBIDIL I

Raon feidhme, sainmhíthe agus dlínse

Airteagal 1 – Raon Feidhme

Baineann an Rialachán seo le bearta cosanta arna ndéanamh in ábhair shibhialta cibé cineál údaráis atá i gceist. Ní bhaineann sé le bearta cosanta atá cumhdaithe le Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003.

Airteagal 2 – Sainmhíthe

Chun críocha an Rialacháin seo:

- (a) ciallaíonn 'beart cosanta' aon chinneadh, gan beann ar a nglaothar air, de chineál coisctheach agus sealadach arna dhéanamh ag údarás i mBallstát i gcomhréir lena dhlí náisiúnta d'fhonn duine a chosaint i gcás inarb ann do chúiseanna tromchúiseacha lena mheas go bhfuil iomláine choirp agus/nó shíceolaíoch an duine nó sairse an duine i mbaol. Áireofar leis bearta arna n-ordú gan an duine is cúis leis an mbaol a thoghairm a theacht i láthair.

Bearta cosanta is ea iad na nithe seo a leanas:

- (i) oibleagáid gan dul isteach i gceantair, áiteanna nó limistéir shainithe áirithe ina bhfuil cónaí ar an duine faoi chosaint, ina n-oibríonn sé nó a thaithíonn sé; nó
 - (ii) oibleagáid gan dul i dteagmháil, de shórt ar bith, leis an duine faoi chosaint, lena n-áirítear tríd an bhfón, trí ríomhphost nó trí ghnáthphost, trí fhacs nó trí mhodh ar bith eile; nó
 - (iii) oibleagáid gan dul i bhfoisceacht an duine faoi chosaint laistigh d'achar sainordaithe; nó
 - (iv) cinneadh lena dtugtar úsáid eisiach árais choitinn beirte don duine faoi chosaint.
- (b) áireofar le 'údarás' aon údarás arna ainmniú ag Ballstát mar údarás a bhfuil inniúlacht aige in ábhair a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo;
 - (c) ciallaíonn 'Ballstát tionscnaimh' an Ballstát ina ndearnadh an beart cosanta;
 - (d) ciallaíonn 'Ballstát aitheantais' an Ballstát ina bhfuil aitheantas agus, más ábhartha, forghníomhú an bhirt chosanta á lorg.

Airteagal 3 – Dlíne

Is ag údaráis an Bhallstáit ina bhfuil iomláine choirp agus/nó shíceolaíoch an duine nó saoirse an duine i mbaol a bheidh dlínse.

CAIBIDIL II

Bearta cosanta a aithint agus a fhorghníomhú

Airteagal 4 – Aitheantas

Déanfar beart cosanta arna dhéanamh i mBallstát a aithint sna Ballstáit eile gan aon nó imeachta speisialta a bheith ag teastáil agus gan aon deis a bheith ann chun cur in aghaidh a aitheanta má tá an cinneadh deimhnithe sa Bhallstát tionscnaimh i gcomhréir le hAirteagal 5.

Airteagal 5 – Deimhniúchán

1. Maidir le páirtí ar mian leis ordú cosanta atá aitheanta de bhun an Airteagail seo a agairt i mBallstát eile, tabharfaidh sé an deimhniúchán arna eisiúint i gcomhréir leis an Airteagal seo d'údaráis inniúla an Bhallstáit aitheantais.
2. Eiseoidh údaráis inniúla an Bhallstáit tionscnaimh an deimhniúchán ag baint úsáide as an bhfoirm chaighdeánach atá leagtha amach san Iarscríbhinn, ina bhfuil, *inter alia*, tuairisc ar an mbeart a scríobhfar sa bhealach go n-éascóidh sí aithint agus, más infheidhme, forghníomhú sa dara Ballstát.
3. Déanfar an deimhniúchán a eisiúint:
 - (i) *ex-officio* i gcás ina bhfuil gnéithe trasteorann i gceist tráth a ghlactar an beart cosanta; chun críche an Rialacháin seo, baineann impleachtaí trasteorann leis an ábhar ach amháin más ann don bhaol ar iomláine choirp agus/nó shíceolaíoch an duine nó ar shaoirse an duine sa Bhallstát tionscnaimh go heisiach;
 - (ii) arna iarraidh sin don duine faoi chosaint in aon chás eile; agus beart cosanta á ghlacadh aige, cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit tionscnaimh an duine faoi chosaint ar an eolas maidir leis an deis deimhniúchán a iarraidh de réir mar a bhunaítear sa Rialachán seo.
4. Más gá, féadfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit aitheantais traslitriú nó aistriúchán a iarraidh dá bhfuil sa deimhniúchán, i gcomhréir le hAirteagal 15.

Airteagal 6 – Éifeachtaí an deimhniúcháin

Beidh éifeacht ag an deimhniúchán laistigh de theorainneacha infhorghníomhaitheachta an chinnidh amháin.

Airteagal 7 – Ceartú an deimhniúcháin

1. Is infheidhme dlí an Bhallstáit tionscnaimh maidir le haon cheartú ar an deimhniúchán.
2. Ní fhéadfar aon athchomharc a dhéanamh i gcoinne deimhniúcháin a eisiúint.

Airteagal 8 – An beart cosanta eachtrannach a oiriúnú

I gcás nach eol beart cosanta sa Bhallstát aitheantais, déanfaidh an t-údarás inniúil sa Bhallstát sin, a mhéid is féidir, an beart cosanta a oiriúnú do bheart cosanta is eol faoina dhlí féin, ar beart é a bhfuil éifeachtaí comhionanna aige agus ag a bhfuil aidhmeanna agus leasanna comhchosúla.

Airteagal 9 – Bearta cosanta áirithe a fhorghníomhú

1. Sa mhéid go n-éilíonn beart cosanta arna dhéanamh i mBallstát amháin go ndéanann údarás inniúla Ballstáit eile idirghabháil faoi dhlí an Bhallstáit eile sin chun éifeacht a thabhairt don bheart cosanta, déanfar é a fhorghníomhú sa Bhallstát eile sin gan dearbhú infhorghníomhachaitheachta a bheith ag teastáil.
2. Is le dlí an Bhallstáit aitheantais a rialófar an nós imeachta le haghaidh forghníomhú beart cosanta arna ndéanamh i mBallstát eile, lena n-áirítear athchomharc i gcoinne ghlacadh an bhirt chosanta arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 8.

Airteagal 10 – Cosaint ar chearta bunúsacha

1. Ní eiseoidh údarás an Bhallstáit tionscnaimh an deimhniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 5 ach amháin má urramaíodh na cosaintí ar chearta bunúsacha atá leagtha amach san Airteagal seo.
2. I gcás nár tháinig an duine is cúis leis an mbaol i láthair sa Bhallstát tionscnaimh, beidh sé de cheart aige iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú an bhirt chosanta os comhair údarás inniúil an Bhallstáit sin sna cásanna seo a leanas:
 - (a) ní dhearnadh doiciméad tionscanta na n-imeachtaí nó doiciméad comhionann a sheirbheáil air in am trátha agus ar dhóigh a chumasófaí dó socrú a dhéanamh é féin a chosaint; nó
 - (b) coisceadh air an beart cosanta a chonspóid mar gheall ar *force majeure* nó de dhroim imthosca urghnácha, gan aon locht a bheith air féin;

ach amháin má theip air agóid a dhéanamh i gcoinne an bhirt chosanta tráth arbh fhéidir leis déanamh amhlaidh.

2. I gcás ina ndéanfar an beart cosanta gan toghairm a chur ar an duine is cúis leis an mbaol teacht i láthair agus ina mbeartófar an beart a aithint agus/nó a fhorghníomhú gan é a sheirbheáil roimh ré ar an duine sin, beidh sé de cheart ag an duine sin agóid a dhéanamh i gcoinne an bhirt faoi dhlí an Bhallstáit tionscnaimh.

Airteagal 11 – Gan athbhreithniú ó thaobh substainte de

Ní fhéadfar in imthosca ar bith beart cosanta arna dhéanamh i mBallstát a athbhreithniú ó thaobh a shubstainte de sa Bhallstát sin ina n-iarrtar aitheantas agus/nó forghníomhú.

Airteagal 12 – Aitheantas nó forghníomhú a dhiúltú, a chur ar fionraí nó a aistarraingt

1. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit aitheantais diúltú, ar iarratas ón duine is cúis leis an mbaol, aitheantas a thabhairt don bheart cosanta arna dhéanamh ag an gcúirt tionscnaimh má tá sé bunoscionn le cinneadh arna dhéanamh sa Bhallstát aitheantais.
2. Má chuirtear an beart cosanta ar fionraí nó má aistarraingítear é sa Bhallstát tionscnaimh, déanfaidh an Ballstát aitheantais, ar iarratas ón duine is cúis leis an mbaol, aitheantas agus, más infheidhme, forghníomhú an bhirt chosanta a chur ar fionraí nó a aistarraingt. Cuirfear an t-iarratas isteach ag úsáid na foirme atá leagtha amach in Iarscríbhinn II.
4. Ní fhéadfar diúltú aitheantas a thabhairt do bheart cosanta toisc nach ndéantar foráil i ndlí an Bhallstáit aitheantais maidir le beart den sórt sin bunaithe ar na fíorais chéanna.

Airteagal 13 – Fógra

1. Déanfaidh údarás inniúla an Bhallstáit tionscnaimh, gan mhoill agus de réir dhlí an Bhallstáit sin, na nithe seo a leanas a fhógairt don duine is cúis leis an mbaol agus don duine faoi chosaint:
 - (i) eisiúint bhirt chosanta;
 - (ii) más infheidhme, na bearta forghníomhaitheachta comhfhreagracha;
 - (iii) más infheidhme, na smachtbhannaí i gcás sárú ar an mbeart cosanta;
 - (iv) aon fhionraí nó aistarraingt maidir leis an mbeart cosanta.
2. Nuair a fhaigheann údarás inniúla an Bhallstáit aitheantais an deimhniúchán de bhun Airteagal 5 a sholathraíonn an duine faoi chosaint, déanfaidh sé na nithe seo a leanas a fhógairt, gan mhoill agus más gá de réir rialacha Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007¹⁶, don duine is cúis leis an mbaol agus don duine faoi chosaint:
 - (i) aithint an bhirt chosanta;
 - (ii) más infheidhme, na bearta forghníomhaitheachta comhfhreagracha;
 - (iii) más infheidhme, na smachtbhannaí i gcás sárú ar an mbeart cosanta;
 - (iv) aon fhionraí nó aistarraingt maidir leis an mbeart cosanta.

¹⁶ IO L 324, 10.12.2007, lch. 79.

CAIBIDIL III

Forálacha eile

Airteagal 14 – Reachtaíocht agus foirmiúlachtaí comhchosúla eile

Ní bheidh gá le reachtaíocht ná le foirmiúlacht chomhchosúil eile i gcomhthéacs an Rialacháin seo.

Airteagal 15 – Traslitríú nó aistriúchán

I gcás ina n-éilítear traslitríú nó aistriúchán faoin Rialachán seo, déanfar an traslitríú nó an t-aistriúchán sin go teanga oifigiúil nó go ceann amháin de theangacha oifigiúla an Bhallstáit aitheantais nó go haon teanga eile ar chuir an Ballstát aitheantais in iúl gur féidir leis glacadh léi. Is duine atá cáilithe chun aistriúcháin a dhéanamh i gceann de na Ballstáit a dhéanfaidh aon aistriúchán faoin Airteagal seo.

Airteagal 16 – An ceart chun cúnamh dlíthiúil

Aon iarratasóir ar tugadh cúnamh dlíthiúil nó díolúine ó chostais nó ó chaiteachas go hiomlán nó go páirteach dó sa Bhallstát tionscnaimh, beidh sé i dteideal, in aon imeacht a bhaineann le hinfhorghníomhaitheacht an bhirt chosanta, tairbhiú den chúnamh dlíthiúil is fabhraí nó den díolúine is fairsinge ó chostais nó ó chaiteachas dá bhforáiltear i ndlí an Bhallstáit aitheantais.

CAIBIDIL IV

Forálacha ginearálta agus críochnaitheacha

Airteagal 17 – Forálacha idirthréimhseacha

Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le bearta cosanta arna ndéanamh ó lá theacht i bhfeidhm an Rialacháin, fíú má cuireadh an t-iarratas ar na bearta cosanta sin isteach roimh an dáta sin.

Airteagal 18 – Leasuithe ar an bhfoirm

Beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 19 maidir le haon leasú ar na foirmeacha atá leagtha amach sna hIarscríbhinní.

Airteagal 19 – An tarmligean a fheidhmiú

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo.
2. Tabharfar tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 18 go ceann tréimhse éiginnte ama ón [Dáta a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm].
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 18 a chúlghairm tráth ar bith. I gcás cinnidh maidir le haisghairm, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht aige ón lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ag dáta níos déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.
4. A luaithe agus a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.
5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe arna glacadh de bhun Airteagal 18 i bhfeidhm ach amháin mura gcuireann Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle ina choinne laistigh de thréimhse 2 mhí ó fhógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, sula dtéann an tréimhse sin in éag, go gcuireann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon in iúl nach gcuirfidh siad ina choinne. Cuirfear [2 mhí] leis an tréimhse sin ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle.

Airteagal 20 – Clásal athbhreithnithe

Faoin [cúig bliana ó dháta a theachta i bhfeidhm in Airteagal 23] ar a dhéanaí, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Beidh tograí chun an Rialachán seo a oiriúnú in éineacht leis an tuarascáil, más gá.

Airteagal 21 – Faisnéis a chur ar fáil don phobal

Faoi chuimsiú an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh in ábhair shibhialta agus tráchtála a bunaíodh le Cinneadh 2001/470/CE ón gComhairle¹⁷, tabharfaidh na Ballstáit tuairisc ar na rialacha agus nósanna imeachta náisiúnta maidir le bearta cosanta, lena n-áirítear údaráis atá inniúil maidir le haitheantas agus/nó forghníomhú, d'fhonn í a chur ar fáil don phobal.

Coimeádfaidh na Ballstáit an fhaisnéis sin cothrom le dáta i gcónaí.

Airteagal 22 – Teachtaireachtaí ó na Ballstáit

Faoin [1 bhliain sula dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm], cuirfidh na Ballstáit an méid seo a leanas in iúl don Choimisiún

¹⁷ IO L 174, 27.6.2001, lch. 25.

- (a) na húdaráis a bhfuil inniúlacht acu sna hábhair a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo;
- (b) na teangacha a bhfuil sé inghlactha an deimhniúchán 5 a aistriú isteach iontu de réir mar a thagraítear dóibh in Airteagal 15.

Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis ar fáil don phobal trí aon mhodh iomchuí, go háirithe tríd an nGréasán Breithiúnach Eorpach in ábhair shibhialta agus tráchtála a bunaíodh le Cinneadh 2001/470.

Airteagal 23 – Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón [12 mhí tar éis dó teacht i bhfeidhm].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh i/in/sa [...]

IARSCRÍBHINN I

AN DEIMHNIÚCHÁN ATÁ LUAITE FAOI AIRTEAGAL 5

1. BALLSTÁT TIONSCNAIMH

AT BE BG CY CZ DE EE EL ES FI FR HU IE IT LT LU
LV MT NL PL PT RO SE SI SK UK

2. AN tÚDARÁS INNIÚIL ATÁ AG EISIÚINT AN DEIMHNIÚCHÁIN

2.1 Ainm:

2.2 Seoladh:

2.3 Teileafón/Facs/R-phost:

3. AN DUINE FAOI CHOSAINT

3.1 Ainm iomlán (sloinne, céadainm)

3.2 An seoladh a úsáidfeadh chun críocha fógra a thabhairt de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 13

3.3 Dáta breithe agus áit bhreithe (más eol)

4. AN DUINE IS CÚIS LEIS AN mBAOL

4.1 Ainm iomlán (sloinne, céadainm):

4.2 An seoladh a úsáidfeadh chun críocha fógra a thabhairt de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 13

4.3 Dáta breithe agus áit bhreithe (más eol)

5. AN BEART COSANTA

5.1 Dáta agus uimhir thagartha:

6. TUAIRISC AR AN mBEART COSANTA¹⁸

Deimhnímhse, a bhfuil mo shíniú anseo thíos, leis seo go ndearnadh an beart cosanta sa Bhallstát tionscnaimh i gcoinne an duine is cúis leis an mbaol atá leagtha amach i bpointe 4 agus gur urramaíodh na cosaintí ar chearta bunúsacha atá leagtha amach in Airteagal 10.

Má cuireadh leathanaigh bhreise leis seo, luaigh líon na leathanach sin: ...

Arna dhéanamh i/in/sa: ...

Síniú agus/nó stampa údarás inniúil an Bhallstáit tionscnaimh:

¹⁸ Ní mór an tuairisc ar an mbeart cosanta a scríobh sa bhealach go gcuirfeadh ar chumas údarás inniúla an dara Ballstát é a aithint agus, más infheidhme, a fhorghníomhú faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit sin. Dá bhrí sin, níor cheart tagairtí sonracha a dhéanamh don dlí náisiúnta, i.e. Airteagal X de Chód Y seachas an beart a mhíniú, ná tagairtí sonracha d'áiteanna áitiúla, i.e. seoladh sonracha seachas tagairt ghinearálta don áit oibre nó don áit chónaithe. Mar gheall air sin, ní mór tuairisc ghinearálta ar an mbeart a thabhairt, e.g. oibleagáid gan dul isteach sa láthair ina n-oibríonn an duine faoi chosaint, seachas oibleagáid gan dul i ngiorracht Shráid X ná trácht ar bheart cosanta arna ghlacadh i gcomhréir le Airteagal X de Dhlí Y. I gcás nach eol an beart cosanta sa dara Ballstát nó ina mbaineann dífeadh beag lena rialáil sa Bhallstát sin, déanfaidh údarás an Bhallstáit sin, a mhéid is féidir, an beart a oiriúnú le beart arb eol é faoina dhlí náisiúnta agus a bhfuil éifeachtaí inchurtha aige agus a bhfuil aidhmeanna inchurtha aige.

IARSCRÍBHINN II

IARRATAS AR AITHEANTAS NÓ AR FHORGHNÍOMHÚ A CHUR AR FIONRAÍ NÓ A AISTARRAINGT FAOI AIRTEAGAL 12

1. AN tIARRATASÓIR (AN DUINE IS CÚIS LEIS AN mBAOL)

1.1 Ainm iomlán (sloinne, céadainm)

1.2 An seoladh a úsáidfear chun críocha fógra a thabhairt de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 13

1.3 Dáta breithe agus áit bhreithe (más eol)

2. AN tÚDARÁS INNIÚIL SA BHALLSTÁT TIONSCNAIMH

2.1 Ainm

2.2 Seoladh

2.3 Ballstát

AT BE BG CY CZ DE EE EL ES FI FR HU IE IT LT LU
LV MT NL PL PT RO SE SI SK UK

2.4. Teileafón/Facs/R-phost

3. AN CINNEADH LENA nDÉANTAR BEART COSANTA A CHUR AR FIONRAÍ NÓ A AISTARRAINGT

3.1 Dáta agus uimhir thagartha

3.2 Achoimre ar an gcinneadh lena ndéantar beart cosanta a chur ar fionraí nó a aistarraingt

4. AN DUINE FAOI CHOSAINT

4.1 Ainm iomlán (sloinne, céadainm)

4.2 An seoladh a úsáidfear chun críocha fógra a thabhairt de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 13

4.3 Dáta breithe agus áit bhreithe (más eol)

Má cuireadh leathanaigh bhreise leis seo, luaigh líon na leathanach sin: ...

Arna dhéanamh i/in/sa: ...

Síniú: